M88

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

15504

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.00**

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| | |
| CT | |
| | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

FREAGAIR <u>GACH</u> CEIST (1, 2 *agus* 3).

**<u>Ceist 1</u>** **Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille.** (40 marc)

1. SIOPA ROTHAR
Nua agus ar Athdhíol
Raon Nua 1999 ó £125

2. IONAD GARRAÍODÓIREACHTA Uí Shé
Ar oscailt 7 lá
CRAINN BLÁTHANNA PLANDAÍ

3. AIRE! BÓTHAR FAOI UISCE! MALAIRT SLÍ - CAS AR CLÉ!

4. GARÁISTE UÍ MHURCHÚ
Ag teastáil —
Duine óg chun peitreal a dhíol

5. MAOR TRÁCHTA SCOILE
(10 bPOST)
FOIRM IARRATAIS AGUS SONRAÍ ÓN gCOMHAIRLE CHONTAE

6. PÁIRC UÍ THUATHAIL
Cluiche Ceannais
CAMÓGAÍOCHT
Dé Sathairn 3 p.m.

7. OIFIGÍ RIALTAIS
AGALLAIMH DO PHOIST SA STÁTSEIRBHÍS
SEOMRA B3

8. PLÁSTRÁLAÍ
AR FÁIL
NÍL AON JAB RÓ MHÓR NÁ RÓ BHEAG FÓN 65242566

9. An Stiúideo Gloine
Rogha mhaith Scáthán
Ar oscailt 9-5


10. Cóisir na Nollag sa Chlubtheach
Dé hAoine ag tosú ar 8p.m.

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |




A



B



C


D


E


F


G


H


I


J

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)



**AG TEACHT GO DÚN NA NGALL?**

**Fan linne in**

**ÓSTÁN GHAOTH DOBHAIR**



Óstán Gaeltachta é an tÓstán álainn seo. Tá sé suite díreach in aice na farraige. Sé sheomra leapa is tríocha atá againn agus tá teileafón agus teilifís i ngach seomra acu.

Tá Ionad Sláinte againn a bhfuil Linn Snámha agus Seomra Aclaíochta ann. Tá Cúirt Leadóige nua againn, agus tá Galfchúrsa 9 bpoll sa cheantar.

Bíonn atmaisféar iontach sa bheár gach oíche agus tá scoth an bhia le fáil sa bhialann.

Ar oscailt ó 17 Márta go dtí 31 Deireadh Fómhair.

Tuilleadh Eolais : 075-321765

**Ceisteanna:**

1. Cá bhfuil an t-óstán seo ?

| | |
|---|---|
| i nGaeltacht Dhún na nGall | |
| i nGaeltacht Chois Fharraige | |
| i nGaeltacht Mhaigh Eo | |

2. Cé mhéad seomra leapa atá san óstán ?

| | |
|---|---|
| 9 | |
| 36 | |
| 63 | |

3. Tá teileafón agus teilifís…

| | |
|---|---|
| i ngach seomra leapa | |
| i gcúpla seomra leapa | |
| sa bheár | |

4. Cén rud nua atá san óstán ?


| | |
|---|---|
| Ionad Sláinte | |
| Seomra Aclaíochta | |
| Cúirt Leadóige | |

5. Cén cluiche is féidir a imirt sa cheantar ?

| | |
|---|---|
| haca | |
| galf | |
| sacar | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. (60 marc)

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)




Tá dealbh os comhair an Ghailearaí Náisiúnta i gCearnóg Mhuirfean i mBaile Átha Cliath agus an t-ainm "Dargan" fúithi. Cérbh é Dargan?

Bhí baint ag William Dargan – a rugadh i gCeatharlach dhá chéad bliain ó shin (1799) – le beagnach gach iarnród a leagadh in Éirinn sa 19ú haois.

Fuair sé traenáil mar innealtóir, agus d'oibrigh sé ar iarnród Holyhead a leagan. Nuair a d'fhill sé ar Éirinn, d'oibrigh sé ar an iarnród a leagan idir Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire. Thaistil an chéad traein riamh in Éirinn ar an líne sin sa bhliain 1838.

Rinne Dargan a shaibhreas as na hiarnróid. Thóg sé teach mór tuaithe dó féin i nDún Droma i mBaile Átha Cliath, agus bhí teach cathrach aige freisin i gCearnóg Mhic Liam.

Bhí baint aige leis an nGailearaí Náisiúnta a thógáil sa bhlain 1859 agus leis an taispeántas pictiúr a chur ann.

Fuair sé bás sa bhliain 1867, agus tá sé curtha i reilig Ghlas Naíon.

**Ceisteanna:**

1. Cad atá os comhair an Ghailearaí Náisiúnta i gCearnóg Mhuirfean?

_______________________________________________

2. Cár rugadh William Dargan ?

| | |
|---|---|
| i mBaile Átha Cliath | |
| i gCeatharlach | |
| i nDún Laoghaire | |

3. Cén tslí bheatha ina bhfuair Dargan traenáil ?

| | |
|---|---|
| tiománaí traenach | |
| innealtóir | |
| tógálaí tithe | |

4. Cén áit a raibh teach cathrach ag Dargan ?

| | |
|---|---|
| i gCearnóg Mhuirfean | |
| i gCearnóg Mhic Liam | |
| i nGlas Naíon | |

5. Cén bhliain a fuair Dargan bás ?

| | |
|---|---|
| 1838 | |
| 1859 | |
| 1867 | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)



**AN FEAR MÓR SCÉALTA**

Bhí fear amháin a thugadh turas ar an teach againne trí oíche sa tseachtain. Is i mBaile an Mhúraigh a bhí cónaí air. Ó Conchúir an sloinne a bhí air, ach bhí leasainm air faoi mar a bhí ar go leor daoine eile an uair sin. Nach raibh aithne ag madraí an bhaile ar "Grae" ? Fear mór scéalta agus cuideachta ba ea é.

Tá pictiúr i mo cheann fós den tslí a mbímis ar fad in aon scata amháin timpeall na tine. Sa chúinne in aice an raidió a bhíodh m'athair, Dainín. Lena ais sin a bhíodh mo dhearthair Páidí, an duine ba shine den chlann.

In aice le Páidí bhíodh Dónall, ansin mo dheirfiúr Máirín. Bhíodh Grae lom díreach os comhair na tine. Shuíodh mo mháthair ar a chlé agus mise taobh léi. Bhí dearthair eile agam darbh ainm Tomás, ach bhíodh seisean curtha a chodladh mar nach raibh sé ach tuairim is ceithre bliana d'aois.

as: *A Thig Ná Tit Orm* le **Maidhc Dainín Ó Sé**

__Ceisteanna:__

**1.** Cé mhéad oíche sa tseachtain a thagadh an fear seo ?

| | |
|---|---|
| 1 oíche | |
| 3 oíche | |
| 6 oíche | |

**2.** Cá raibh cónaí air ?

| | |
|---|---|
| i mBaile an Bhóthair | |
| i mBaile Átha Cliath | |
| i mBaile an Mhúraigh | |

**3.** Cén sloinne a bhí air ?

______________________________________________

**4.** Cén dearthair ba shine ?

| | |
|---|---|
| Páidí | |
| Maidhc | |
| Dónall | |

**5.** Cén aois a bhí ag Tomás ?

| | |
|---|---|
| 2 bhliain | |
| 4 bliana | |
| 6 bliana | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)

## CLAPSHOLAS SA BHAILE MÓR



Tá na siopaí á ndúnadh
Is na busanna lán.
Na lampaí ag soilsiú
Gach sráid is cosán.

Líne mhór dhíreach tráchta
Ar an mbealach amach.
Le deifir ar chách
Bheith ar ais ina dteach.

Tá na buachaillí nuachta
Ag díol an pháipéir.
Thar díon is thar stuaic
Tá an ghealach sa spéir.

Beidh dordán mórthimpeall
Ar feadh uair nó dhó.
Roimh thuirlingt don oíche
Is brat liath an cheo.

le **Dáithí Ó Diollúin**

**GLUAIS** cách = gach duine

**Ceisteanna:**

**1.** Cad atá á shoilsiú ag na lampaí ?

| | |
|---|---|
| na siopaí | |
| na busanna | |
| gach sráid is cosán | |

**2.** Cén áit ar mhaith le "cách" a bheith ?

| | |
|---|---|
| sa bhaile mór | |
| ar ais ina dteach | |
| ar an tsráid | |

**3.** Cad atá á dhéanamh ag na buachaillí ? Tá siad...

| | |
|---|---|
| ag obair i siopa | |
| ag díol nuachtán | |
| ag tiomáint bus | |

**4.** Cad atá sa spéir ?

________________________________________


**5.** Cad atá ag teacht ?

| | |
|---|---|
| an mhaidin | |
| an oíche | |
| an tráthnóna | |

FREAGAIR **GACH** CEIST (4, 5 *agus* 6).

**CEIST 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.





Cén rud ?
Cén áit ?




Cén lá? dáta? am?
Cén cead isteach?



Cé hé an moltóir ?
(Mick Lally)



Cad a tharlóidh don airgead ?
(An tSúdáin)

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud seo thuas.

**FÓGRA**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Tá tusa ag obair san ollmhargadh seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint:

- Faoin ollmhargadh agus faoin áit a bhfuil an t-ollmhargadh } Pict. 1
- Faoin obair a dhéanann tú } Pict. 2
- Faoi na daoine atá ag obair san ollmhargadh } Pict. 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú ag deireadh na seachtaine } Pict. 4

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**LITIR**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat bheith i do chúntóir leabharlainne. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh. Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** atá thíos.
[**<u>Nóta</u>:** Is tusa Fearghal de Bhál]

**LEABHARLANNA CONTAE**
Foirm Iarratais

Ainm: *Fearghal de Bhál*

Seoladh:

..............................................................................................................................................

..............................................................................................................................................

Aois: ...................................................................Dáta Breithe:...........................................................

Airde:..................................................................Meáchan:.............................................................

Cén scrúdú teistiméireachta atá déanta agat ?................................................................................

..............................................................................................................................................

Ainmnigh na hábhair a rinne tú sa scrúdú sin: ................................................................................

..............................................................................................................................................

An ndearna tú cúrsa ríomhaireachta ? .............................................................................................

An dtuigeann tú go mbeidh cúrsa traenála le déanamh agat ? ..........................................................

An bhfuil ceadúnas tiomána agat ? ..................................................................................................

An mbeidh tú sásta taisteal a dhéanamh má iarrtar ort? ..................................................................

*Luaigh <u>trí</u> chaitheamh aimsire atá agat:* ..............................................................................

Cuir ciorcal timpeall ar an dáta i mí Iúil is fearr leat le haghaidh agallaimh: Iúil 13, 21, 27.

Scríobh alt beag (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat bheith i do chúntóir leabharlainne.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Síniú : *<u>Fearghal de Bhál</u>*

Dáta: ______________


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Bhí tú i láthair ag Féile an Phobail. Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh d'iris na scoile fúithi.

Scríobh an **cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**FÉILE AN PHOBAIL**




**NÓ**


**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.

Tharla an **eachtra** seo lá agus tú ar do bhealach chuig an bpáirc phoiblí. Tá tú chun scríobh faoin eachtra seo d'iris na scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




ag siúl




go tapa




ghlaoigh




d'inis

**EACHTRA A THARLA**